

# Sceilg Mhichíl | Skellig Michael

Láithreán Oidhreachta Domhanda
World Heritage Site

## Iompar Cuairteoirí

- **Níl cead** an bealach rochtana a fhágáil ar eagla go mbogfaí carraigeacha agus clocha scaoilte, rud a chuirfeadh do bheatha féin, agus beatha na ndaoine thíos, i mbaol.
- Déanfar damáiste don séadchomhartha agus cuirfear beatha na ndaoine thíos i mbaol má phioctar suas agus má chaitear clocha scaoilte.
- Níl cead dul suas ar chlaíocha cloch. Déanann a leithéid damáiste don séadchomhartha agus d'fhéadfadh sé beatha a chur i mbaol.
- D'fhéadfaí ciontóirí a thabhairt os comhair na cúirte.
- Glac do chuid ama. Ná bíodh aon deifir ort agus tú ag dul suas nó ag dul síos na céimeanna.
- Má tá an-chuid daoine ar an mbealach, géill slí dóibh siúd atá ag teacht anuas.
- Níl cead dróin ná aerfheithiclí gan foireann a úsáid os cionn an láithreáin seo.

Bíodh bróga oiriúnacha, a bhfuil greim maith acu, ort

Ní mór do dhuine fásta súil a choinneáil ar pháistí i gcónaí

Leithris ar fáil

Cosc ar dhróin

Cosc ar dhreapadóireacht

RABHADH
Fána ghéar gan aon chosaint ar an imeall

RABHADH
Céimeanna míchothroma

RABHADH
Géarghrádán ar na céimeanna

RABHADH
Dromchlaí sleamhain agus iad fliuch

RABHADH
Baol titime

RABHADH
Fan ar an gconair i gcónaí

RABHADH
Coimhéad do cheann

RABHADH
Gaotha láidre

RABHADH
Fainic carraigeacha ag titim

Moltar duit cuimhneamh ar an méid seo a leanas:

- Is láithreán dúshlánach é seo. **Tharla timpistí anseo agus fuair daoine bás anseo.**
- Glac freagracht as do chuid gníomhartha féin.
- Bí béasach leis na cuairteoirí eile.
- Tabhair aire don timpeallacht.



Tá tuilleadh eolais faoi Sceilg Mhichíl ar **www.worldheritageireland.ie**, ar **www.archaeology.ie**, agus ar **www.heritageireland.ie**.

OPW Oidhreacht Éireann Heritage Ireland

Scan an cód mearfhreagartha thall chun féachaint ar fhíseán sábháilteachta faoi Sceilg Mhichíl.

unesco
Láithreán Oidhreachta Domhanda
World Heritage Site

# An Tír-raon agus Sláinte agus Sábháilteacht

### Carraigeacha scaoilte lasnairde

Tá bealach an tí solais agus na bealaí rochtana neamhchosanta ar charraigeacha scaoilte lasnairde agus ar smionagar ó éin atá ag neadú. **Ná bí ag máinneáil thart** ar an gcosán. Ba cheart grianghraif a ghlacadh faoin bhforscáth adhmaid, áit a bhfuil sé sábháilte.

### Ó bhád go cé

I ndálaí farraige áirithe, féadann sé a bheith contúirteach agus tú ag dul ón mbád go dtí an ché; tá baol ann go ngortófar go holc thú nó go marófar thú.

### Beanna rite

Tá beanna rite sa tír-raon; iarrtar ort fanacht ar an mbealach rochtana ainmnithe. Tá seans maith ann go dtitfidh tú má imíonn tú ón mbealach rochtana. Tá baol ann go ndéanfar dochar do ghnáthóg na n-éan goir freisin — fan ar na cosáin.

### Baol na sleamhaine

Is carraig ghéar í Sceilg Mhichíl agus tá timpeall 600 céim ar an mbealach suas go dtí an mhainistir. **Tig leis na céimeanna a bheith sleamhain nuair a bhíonn siad fliuch.**

### Rabhaidh aimsire

Ós rud é gur deacair an tír-raon a thuar, moltar duit a bheith ullamh do cheo, do mheath na hinfheictheachta agus do shéideáin ghaoithe gan choinne a bhféadfadh a dtreo athrú, go háirithe agus tú ar na céimeanna.

### Fógraí sábháilteachta

**Ba cheart go gcloífeadh cuairteoirí leis an uile fhógra sábháilteachta ar an oileán.** Is iad na Treoraithe na monatóirí oifigiúla ar an oileán agus **ní mór cloí lena dtreoracha siúd i gcónaí,** go háirithe i dtaca le sábháilteacht.

### Céimeanna míchothroma

Tá céimeanna géara míchothroma ar an mbealach rochtana. Imill gan chosaint iad imill na gcéimeanna. Bíodh fios do chumais agat agus iarr comhairle ar na Treoraithe. Caithfidh tú a bheith measartha aclaí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an tír-raon dúshlánach. Bain leas as lámhráillí/slabhraí nuair a bhíonn siad ar fáil.

### Grianghraif a ghlacadh

Má bhíonn fonn ort grianghraif a ghlacadh, déan cinnte de go bhfuil tú i do sheasamh in áit shábháilte. Ná seas taobh le himeall, ná himigh ó na céimeanna, agus ná cuir isteach ar aon charraigeacha ná ar fhiadhúlra. Ná bain úsáid as do ghuthán póca agus ná glac féiníní agus tú ag dul suas nó ag dul síos na céimeanna – caithfidh tú aird a thabhairt ar na céimeanna míchothroma i gcónaí.

### Páistí

Níl cead ag páistí atá faoi bhun 12 bhliain d'aois dul ar an oileán. Má bhíonn páistí atá os cionn 12 bhliain d'aois leat, déan cinnte de go mbeidh tú ábalta aire a thabhairt dóibh ar oileán géar, áit nach bhfuil bacainní nó ráillí ar na seanchosáin.

### Sábháilteacht

Tá an méid seo a leanas sách dúshlánach agus caithfear a bheith measartha aclaí faoina choinne: ag dul ar bhád agus ag teacht as bád; an tír-raon; agus an bealach suas go dtí an mhainistir. B'fhéidir nach bhfuil an t-oileán fóirsteanach duit má tá deacrachtaí soghluaisteachta nó riochtaí sláinte áirithe, macasamhail meadhráin, ag gabháil duit. Ar mhaithe le do shábháilteacht féin, déan machnamh ar an gceist seo — an bhfuil mé in ann dul suas agus dul síos céimeanna na mainistreach? Ná gabh suas má bhíonn imní ort.

### Ná fág aon lorg

Iarrtar ar chuairteoirí gan aon lorg dá gcuairt a fhágáil ar an oileán agus bruscar ar bith a thabhairt leo go dtí an mhórthír, áit ar cheart fáil réidh leis go freagrach.